2025/529

18.3.2025

CINNEADH (CBES) 2025/529 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Márta 2025

maidir le tacaíocht ón Aontas do thionscadal Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil 'Faireachlann Eolaíochta agus Teicneolaíochta: Faireachán na nuálaíochta maidir leis an dí-armáil'

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Straitéis Dhomhanda 2016 maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh cuirtear i dtábhacht go gcuirfidh an tAontas dlús lena rannchuidiú leis an tslándáil chomhchoiteann.

(2) I Straitéis 2018 an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha (SALW) agus a n-armlón, dar teideal '*Securing Arms, Protecting Citizens*'[Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint], luaitear go mbainfidh an tAontas úsáid as ionstraimí ábhartha chun tacú le taighde agus forbairt i réimse na teicneolaíochta iontaofa costéifeachtaí chun SALW agus a n-armlón a dhaingniú agus chun na rioscaí a bhaineann le hatreorú a mhaolú. Ina theannta sin, thug an Chomhairle dá haire, sna conclúidí uaithi maidir le glacadh na Straitéise sin, na hathruithe a bhí tagtha sa chomhthéacs slándála, lena n-áirítear forbairtí i ndáil le dearadh SALW agus i ndáil le teicneolaíocht a mbíonn tionchar acu ar chumas na rialtas aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála.

(3) Thug Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dá aire, i dtuarascáil 2023 dar teideal '*Current developments in science and technology and their potential impact on international security and disarmament efforts*' [Forbairtí reatha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an tslándáil idirnáisiúnta agus ar iarrachtaí dí-armála], gur mó an imní anois faoi fhorbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht atá ábhartha don tslándáil agus don dí-armáil a bheith ag dul thar chumas na gcreataí normatacha agus rialachais na rioscaí a thuiscint agus a bhainistiú.

(4) Is mian leis an Aontas rannchuidiú leis an tslándáil chomhchoiteann agus leis an bhféidearthacht leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann le teicneolaíochtaí nua, chomh mhaith le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis na teicneolaíochtaí sin, go háirithe maidir leis an gcóras iltaobhach dí-armála agus rialaithe arm.

(5) Thacaigh an tAontas cheana féin, trí Chinneadh (CBES) 2022/2320 ón gComhairle ([1]), le tionscadal de chuid Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil (UNIDIR) a bhí ann roimhe seo, dar teideal '*Unlocking Innovation: Enabling Technologies and International Security*' [Scód a ligean leis an nuálaíocht: Teicneolaíochtaí Cumasúcháin agus an tSlándáil Idirnáisiúnta] agus arna chur chun feidhme ag UNIDIR in 2023 go dtí 2024. Is mian leis an Aontas leanúint den réimse sin a fhiosrú chun rannchuidiú le sainaithint agus anailís níos córasaí a dhéanamh ar fhorbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha agus ar a dtionchar i gcomhthéacsanna sonracha dí-armála. Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, tacú le tionscadal eile de chuid UNIDIR a chur chun feidhme dar teideal '*Science and Technology Watchtower: Monitoring Innovation for Disarmament*' [Faireachlann Eolaíochta agus Teicneolaíochta: Faireachán na nuálaíochta maidir leis an dí-armáil],

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. D'fhonn an Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, agus Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón dar teideal '*Securing Arms, Protecting Citizens*' [Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a chosaint] chomh maith le Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta, tacóidh an tAontas le cur chun feidhme tionscadail de chuid Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil (UNIDIR) dar teideal '*Science and Technology Watchtower: Monitoring Innovation for Disarmament*' [Faireachlann Eolaíochta agus Teicneolaíochta: Faireachán na nuálaíochta maidir leis an dí-armáil].

([1]) Cinneadh (CBES) 2022/2320 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 maidir le tacaíocht ón Aontas do chur chun feidhme tionscadail 'Scód a ligean leis an Nuálaíocht: Teicneolaíochtaí Cumasúcháin agus an tSlándáil Idirnáisiúnta' (IO L 307, 28.11.2022, lch. 142, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2320/oj).

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag na gníomhaíochtaí tionscadail a dtacóidh an tAontas leo:

(a) taighde agus anailís atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar chun tacú le ceapadh beartais agus cinnteoireacht agus chun bonn eolais a chur fúthu trí fhaireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar nuálaíocht eolaíochta agus teicneolaíochta;

(b) forbairt eolais agus aistriú eolais a éascú agus gnéithe eolaíocha agus teicneolaíocha na slándála agus na dí-armála idirnáisiúnta a aistriú;

(c) nasc a chruthú idir pobail ábhartha chun gur féidir eolas a aistriú ó raon saineolaithe agus Ballstát atá éagsúil ó thaobh na tíreolaíochta agus an disciplín de agus atá i mbun caibidlíocht iltaobhach maidir le dí-armáil.

3. Áireofar na nithe seo a leanas, go háirithe sna gníomhaíochtaí tionscadail:

(a) bunú feidhme leanúnaí scanta ionchasaí teicneolaíochta a chumasú chun a áirithiú go ndéanfar an dul chun cinn eolaíochta agus teicneolaíochta is ábhartha a bhrath, a scagadh agus a anailísiú ag luathchéimeanna an chur i bhfeidhm forbartha;

(b) taighde ar na treochtaí is ábhartha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht de réir mar a bhaineann siad le gach réimse dí-armála a bhfuil staidéar á dhéanamh air, ag cur le próisis iltaobhacha agus idirnáisiúnta maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus rialú arm;

(c) idirphlé, forbairt eolais agus aistriú eolais a mhéadú, lena n-áirítear líonra domhanda saineolaithe a bhunú ar féidir leo cur le tionchar marthanach an tionscadail tar éis na tréimhse cistiúcháin.

4. Leagtar amach tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal dá dtagraítear i mír 1 san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í UNIDIR a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Déanfaidh UNIDIR a chúram faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNIDIR.

Airteagal 3

1. Is é EUR 1 671 615 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. An caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1, déanfar é a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais a mhaoineofar leis an méid a leagtar amach i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé comhaontú ranníocaíochta i gcrích le UNIDIR. Sonrófar sa chomhaontú ranníocaíochta sin go bhfuil ar UNIDIR infheictheacht ranníocaíocht an Aontais a áirithiú, infheictheacht a bheidh i gcomhréir lena méid.

4. An comhaontú ranníocaíochta dá dtagraítear i mír 3, féachfaidh an Coimisiún lena thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a tugadh an comhaontú sin i gcrích.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle faoi chur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha rialta gach ráithe ó UNIDIR. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais chur chun feidhme an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe ranníocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(3). Rachaidh sé in éag 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, áfach, mura dtabharfar comhaontú den sórt sin i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

DOICIMÉAD TIONSCADAIL

Tionscadal chun tacú leis an obair a dhéanann Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil (UNIDIR) i réimse na slándála agus na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn

‘Faireachlann Eolaíochta agus Teicneolaíochta UNIDIR: Faireachán Nuálaíocht maidir leis an dí-armáil’

Réamhrá

Is é an dul chun cinn san eolaíocht agus sa teicneolaíocht an príomhchumasóir don fhorbairt eacnamaíoch agus sóisialta, agus don rathúnas. Mar sin féin, mar a thuairiscigh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe sa tuarascáil ó 2023 dar teideal *Current developments in science and technology and their potential impact on international security and disarmament efforts*, tá imní fós ann faoi ‘forbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht atá ábhartha don tslándáil agus don dí-armáil a bheith ag dul róthapa do na creataí normatacha agus rialachais lena bhféachtar lena rioscaí a bhainistiú. Níor cheart go mbeadh an tslándáil dhomhanda thíos leis toisc leas a bheith á bhaint as teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn’ [aistriúchán neamhoifigiúil]. Ar an taobh eile, tá fás ag teacht ar an gcorpas litríochta ina bhféachtar ar na tairbhí a d’fhéadfadh teacht as an eolaíocht agus as an teicneolaíocht don dí-armáil agus do rialú arm, mar shampla chun faireachán agus fíorú ar chomhlíonadh a fheabhsú.

Is institiúid neamhspleách laistigh de na Náisiúin Aontaithe í Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil (UNIDIR), a dhéanann taighde neamhspleách ar dhí-armáil agus ar fhadhbanna gaolmhara, go háirithe saincheisteanna slándála idirnáisiúnta. Comhlíonann an Institiúid a ról trí cheithre phríomhréimse gníomhaíochta: eolas a chur chun cinn, smaointe a ghiniúint, idirphlé a éascú agus comhairle a chur ar fáil chun tacú leis na Ballstáit, leis na Náisiúin Aontaithe, le heagraíochtaí réigiúnacha agus le pobail bheartais agus taighde maidir le réitigh phraiticiúla a shainaithint agus dul chun cinn iltaobhach a chur chun cinn maidir le dí-armáil agus rialú arm a rannchuideoidh le domhan níos inbhuanaithe agus níos síochánta a bhaint amach.

Imríonn UNIDIR ról ceannais agus é ag tacú leis na hiarrachtaí ar thuiscint a fháil ar na himpleachtaí slándála a ghabhann le dul chun cinn tapa claochlaitheach sa teicneolaíocht agus chun freagairt ar na himpleachtaí sin. Ach le blianta beaga anuas tá méadú nach bhfacthas riamh cheana tagtha ar luas na forbartha teicneolaíochta, rud a thug ar go leor ballstát aird a tharraingt, i gcomhthéacs fhormhór na bpróiseas dí-armála, ar an ngá le sainaithint agus anailís níos córasaí ar fhorbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta agus a dtionchar laistigh de chomhthéacsanna dí-armála ar leith.

Dá dtógfaí ar an rath a bhí ar an tionscadal a fuair maoiniú ón Aontas dar teideal *Unlocking innovation: Emerging Technologies and International Security* arna chur chun feidhme ag UNIDIR idir 2023 agus 2024, agus maidir le tionscadail taighde rathúla eile, mar shampla *Exploring Science and Technology Review Mechanisms Under the Biological Weapons Convention*, an tionscadal 3 bliana atá beartaithe dar teideal *UNIDIR’s Science and Technology Watchtower: Monitoring Innovation for Disarmament*, leathnófaí ar raon feidhme an imscrúdaithe chun sraith níos leithne réimsí eolaíochta agus teicneolaíochta a áireamh agus thabharfaí léargais shaineolacha do gach comhlacht dí-armála de réir mar is gá agus is infheidhme.

Tá sé i gceist leis an tionscadal atá beartaithe cur le hobair na bpróiseas dí-armála éagsúil, a gcomhlachtaí oibríochtúla faoi seach (e.g. rúnaíochtaí, aonaid tacaíochta cur chun feidhme), a mballraíocht agus a gcathaoirligh, agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt don obair sin. Ós rud é gur dhéileáil gach próiseas le saincheist na heolaíochta agus na teicneolaíochta ar bhealaí éagsúla, cuirfear comhordú agus díchoinbhleachtú in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha Stát i gcórais agus i bpróisis éagsúla. Tabharfar aire ar leith nach gcuirfear isteach ar an gcaibidlíocht leanúnach maidir le sásraí foirmiúla um athbhreithniú eolaíochta agus teicneolaíochta (nó comhlachtaí coibhéiseacha) a bhunú i gcomhthéacs conarthaí nó próisis dí-armála shonracha agus dúbailt na hoibre atá á déanamh cheana i gcomhlachtaí bunaithe a chosc (e. g. bord comhairleach eolaíoch na Eagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha). Ina theannta sin, beidh sé d’aidhm ag an tionscadal seo an obair atá déanta cheana féin ag Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe a chomhlánú agus a fhorlíonadh i ndáil leis an Tuarascáil bhliantúil ón Ard-Rúnaí maidir le forbairtí reatha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith acu ar an tslándáil idirnáisiúnta agus ar iarrachtaí dí-armála. Thairis sin, déanfar iarracht an tionscadal a chomhordú agus comhoibriú le gníomhaíochtaí ábhartha arna ndéanamh ag Cuibhreannas AE maidir le Neamhleathadh agus Dí-armáil (EUNPDC), lena n-áirítear a líonra gaolmhar, agus ag Institiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála (EUISS), ní hamháin chun comhlántacht le gníomhaíochtaí atá ann cheana a áirithiú, ach chun an t-aiseolas a mhéadú freisin ar infheictheacht agus ar phróifíl an Aontais maidir le hábhar na heolaíochta agus na teicneolaíochta mar a chuirtear i bhfeidhm iad i dtaca leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta.

Sa chomhthéacs sin, tá trí phríomhchuspóir ag an tionscadal, atá ailínithe go dlúth le príomh-shainordú na hInstitiúide ([1]).

Cuspóir 1: Taighde agus anailís fhianaisebhunaithe a chur ar fáil chun tacú le beartais agus cinnteoireacht agus chun bonn eolais a chur fúthu. Trí fhaireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar an nuálaíocht eolaíochta agus teicneolaíochta ar fud an iliomad disciplíní agus réimsí teicneolaíochta ar díol spéise iad do raon leathan próiseas dí-armála, cuideoidh an tionscadal seo le bonn eolais a chur faoin bplé beartais trí aird a tharraingt ar rioscaí agus deiseanna nua nó ar rioscaí agus deiseanna atá ag teacht chun cinn.

Cuspóir 2: Forbairt eolais agus aistriú eolais a éascú maidir le gnéithe eolaíocha agus teicneolaíocha na slándála agus na dí-armála idirnáisiúnta. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo na neamhshiméadrachtaí suntasacha faisnéise atá i réimse na heolaíochta agus na teicneolaíochta ar fud na bpróiseas dí-armála uile a laghdú, nó rannchuidiú lena laghdú. Cuirfidh sé sin feabhas, dá réir sin, ar an rannpháirtíocht fhóinteach sa phlé iltaobhach ar an ábhar sin agus ar ullmhacht fhoriomlán na stát chun páirt a ghlacadh sa phlé a bheidh fréamhaithe san eolas eolaíoch agus teicniúil.

Cuspóir 3: Droichid a thógáil idir pobail. Sa lá atá inniu ann, agus méadú ag teacht ar an éagobhsaíocht agus ar an mímhuinín dhomhanda, na gníomhaithe ag dul í líonmhaireacht, dáileadh níos leithne ar eolas agus saineolas, agus roghanna na rialála traidisiúnta ag cúngú, is den ghéar-riachtanas é go dtiocfadh pobail éagsúla le chéile agus a dtuiscintí a chomhroinnt lena chéile chun bonn eolais a chur faoina gcláir oibre féin. Leis an tionscadal seo, déanfar seasamh uathúil UNIDIR a ghiaráil chun go mbeifear in ann an t-aistriú eolais sin a dhéanamh ó raon saineolaithe agus Ballstát atá éagsúil, ó thaobh na tíreolaíochta agus an disciplín de, agus atá i mbun caibidlíocht iltaobhach dí-armála.

I gcomhréir le sainordú UNIDIR, is é príomhchuspóir an tionscadail taighde neamhspleách, oibiachtúil agus fianaisebhunaithe a chur ar fáil don phobal dí-armála agus slándála idirnáisiúnta chun tacú leis an gcaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Chun an sprioc sin a bhaint amach, chomh maith le tionscadail taighde a stiúradh go díreach, bunóidh agus éascóidh UNIDIR idirphlé idir líonra ildisciplíneach saineolaithe, atá éagsúil ó thaobh na geografaíochta de, mar a leagtar amach a thuilleadh thíos, chun saineolas cónaitheach a chomhlánú agus a fhorlíonadh. Cuirfear dlúthchomhar le hOifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála chun feidhme de réir mar is gá le linn an tionscadail.

TIONSCADAL

Is casta an cúram é freagairt ar dhúshláin, agus tairbhiú de na deiseanna a eascraíonn as an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch i gcomhthéacs na dí-armála, na síochána agus na slándála. I dtéarmaí ginearálta, ní mór a bheith in ann forbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn a bhrath agus tuiscint a fháil a luaithe is féidir ar na himpleachtaí, cibé dearfach nó diúltach, a d'fhéadfadh a bheith ag na forbairtí sin don ailtireacht idirnáisiúnta síochána agus slándála reatha agus don innealra dí-armála.

Bainfidh an tionscadal úsáid as modheolaíochtaí ildisciplíneacha agus trasdisciplíneacha chun staidéar a dhéanamh ar nuálaíochtaí éagsúla eolaíocha agus teicneolaíocha. Leis an tionscadal, beifear in ann iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar shaincheist an chóineasaithe theicneolaíoch atá ag éirí níos ábhartha, a shainítear mar an feiniméan trína ndéantar teicneolaíochtaí nach raibh gaolmhar ar dtús a chomhtháthú níos dlúithe agus a aontú fiú, agus iad ag forbairt agus ag dul chun cinn, chomh maith le cóineasú réimse, a shainítear mar an fostú méadaitheach idir réimsí éagsúla chur i bhfeidhm na teicneolaíochta (e.g. an bhith-theicneolaíocht agus an intleacht shaorga, an spás agus an cibearspás, etc.).

Cuimseoidh raon feidhme an tionscadail na réimsí dí-armála agus slándála idirnáisiúnta seo a leanas: Gnáth-armáin, armáin ollscriosta (ceimiceach, bitheolaíoch, núicléach) agus réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide de réir mar is ábhartha. Laistigh de na réimsí sin, áirítear ar shamplaí de réimsí sonracha eolaíochta agus teicneolaíochta a ndéanfar faireachán orthu an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó: intleacht shaorga, eolaíocht agus innealtóireacht ábhar, eolaíochtaí beatha, róbataic agus córais uathrialacha. I measc na réimsí iarratais a ndéanfar faireachán orthu tá: taighde agus turgnamhaíocht, forbairt agus feidhmíocht ardán, córais cheannais agus rialaithe, brath, faireachán agus fíorú.

Déanfar gníomhaíochtaí uile an tionscadail a ghrúpáil faoi dhá phríomhshruth oibre mar a thuairiscítear a thuilleadh thíos.

([1]) Féach sainordú UNIDIR: https://unidir.org/unidir-statute/

1. Sruth Oibre 1: Faireachán a dhéanamh ar threochtaí agus tuiscint níos fearr a fháil ar fhorbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta agus ar a dtionchar ar dhí-armáil agus ar rialú arm

1.1. Cuspóir

Is é cuspóir an tsrutha oibre seo go ndéanfaí teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a shainiú agus a thuiscint, chomh maith le feidhmeanna nua atá á dtabhairt do theicneolaíochtaí seanbhunaithe, chun tuiscint níos fearr a fháil ar na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith acu ar dhí-armáil agus ar rialú arm. An obair a dhéanfar faoin sruth oibre seo, beidh sí dírithe go príomha ar eolas inúsáidte a sholáthar do lucht ceaptha beartas agus lucht déanta cinntí maidir leis na réimsí teicneolaíochta atá á scrúdú, bunaithe ar fhianaise atá fónta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heolaíochta de.

1.2. Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo:

a) Gur fearr an tuiscint a bheidh ann i ndáil leis na naisc agus an cóineasú idir teicneolaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear ar na rioscaí agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo.

b) Go mbeidh lucht déanta beartas agus taidhleoirí ó réigiúin éagsúla ar fud an domhain níos ullmhaithe chun páirt fhiúntach a ghlacadh i bplé a bhaineann leis an eolaíocht agus leis an teicneolaíocht laistigh de phróisis dí-armála ábhartha.

1.3. Cur síos ar an sruth oibre

Beidh trí phríomhghníomhaíocht i gceist leis an sruth oibre seo. Ar an gcéad dul síos, déanfar scanadh ionchais leanúnach teicneolaíochta a bhunú chun a áirithiú go mbeifear in ann an dul chun cinn eolaíochta agus teicneolaíochta is ábhartha a bhrath, a scagadh agus a anailísiú ag luathchéim dá bhforbairt nó dá gcur i bhfeidhm. Mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin beidh suas le dhá choimre de na treochtaí is ábhartha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht de réir mar a bhaineann siad le gach réimse dí-armála atá á staidéar (ocht gcoimre san iomlán ar feadh ré an tionscadail). Beidh torthaí na gníomhaíochta sin comhlántach leis an obair a dhéanfar i bpróisis iltaobhacha oifigiúla, seachas mar dhúbailt ar an obair sin, agus úsáidfear na torthaí sin chun cur leis an tsraith níos leithne de ghníomhaíochtaí iltaobhacha ábhartha atá ann ar nós tuarascáil bhliantúil Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le ról na heolaíochta agus na teicneolaíochta i gcomhthéacs na síochána agus na slándála idirnáisiúnta, an Comhchlár Oibre, lena n-áirítear an clár oibre nua don tsíocháin, chomh maith le tionscnaimh idirnáisiúnta eile ar nós leaganacha a bheidh ann amach anseo den Intleacht Shaorga Fhreagrach sa Chruinniú Mullaigh maidir leis an bhFearann Míleata (REAIM).

Áireofar leis an dara gníomhaíocht faoin sruth oibre seo tionscadail taighde shonracha spriocdhírithe a dhéanamh lena gcuirfear grinnanailísí ar fáil maidir le topaicí áirithe a mheastar a bheith ábhartha, tráthúil agus a bhfuil tionchar acu ar gach réimse dí-armála agus a shainaithnítear le tacaíocht ón líonra saineolaithe ábhartha (tuilleadh sonraí thíos). Cuirfidh an ghníomhaíocht seo páipéar taighde amháin ar fáil in aghaidh na bliana, in aghaidh an limistéir dí-armála. Cuirfear achoimrí feidhmiúcháin ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid na Náisiún Aontaithe, chun tacú leis an scaipeadh agus leis an inrochtaineacht (déanfar tuarascálacha iomlána a aistriú ar bhonn an ama agus na n-acmhainní a bheidh ar fáil).

Áireofar leis an tríú gníomhaíocht suas le dhá sheisiún faisnéise maidir le teicneolaíocht fhíorúil a eagrú in aghaidh na bliana, in aghaidh an limistéir dí-armála atá ceaptha chun an deis a thabhairt don phobal taidhleoireachta sa Ghinéiv agus i Nua-Eabhrac foghlaim agus plé a dhéanamh, i suíomh neamhfhoirmiúil agus trí rannpháirtíocht dhíreach le saineolaithe, ar theicneolaíochtaí cumasúcháin sonracha atá ábhartha don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta. Déanfar an cur i láthair a thaifeadadh ag gach imeacht agus cuirfear ar fáil ar chainéal YouTube UNIDIR ansin é ach ní bheidh an seisiún Ceisteanna agus Freagraí san áireamh sa taifeadadh chun plé níos oscailte a chinntiú i measc na rannpháirtithe.

2. Sruth Oibre 2: Idirphlé, forbairt eolais agus aistriú a mhéadú

2.1. Cuspóir

I gcomhréir le cuspóirí 2 agus 3 den tionscadal, is é cuspóir an tsrutha oibre seo forbairt eolais agus aistriú ar ghnéithe eolaíocha agus teicneolaíocha na slándála agus na dí-armála idirnáisiúnta a éascú trí raon éagsúil saineolaithe ó thaobh na tíreolaíochta agus an disciplín de a nascadh leis na ballstáit atá i mbun caibidlíocht iltaobhach maidir le dí-armáil.

2.2. Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo:

a) Rannchuidiú méadaithe ó ghrúpa saineolaithe atá éagsúil ó thaobh na tíreolaíochta agus an disciplín de agus plé eolaíochta agus teicneolaíochta laistigh de phróisis dí-armála.

b) Líonra domhanda saineolaithe a bhunú ar féidir leo rannchuidiú le tionchar marthanach an tionscadail tar éis na tréimhse cistiúcháin.

c) Naisc agus comhar idir na ballstáit agus saineolaithe réigiúnacha ó phobal na heolaíochta agus na teicneolaíochta a fhorbairt nó a threisiú.

2.3. Cur síos ar an sruth oibre

Beidh trí phríomhghníomhaíocht i gceist leis an sruth oibre seo. Ar an gcéad dul síos, féachfaidh an tionscadal le fo-líonraí saineolaithe eolaíochta agus teicneolaíochta a chruthú a bhaineann le gach réimse dí-armála laistigh de raon feidhme an tionscadail seo. Ag tógáil ar shamhail UNIDIR de na Líonraí Taighde Domhanda um Dhí-armáil, déanfaidh taighdeoir UNIDIR atá speisialaithe sa réimse ábhartha dí-armála gach folíonra a bhainistiú. Tabharfar aird ar leith ar éagsúlacht inscne agus thíreolaíoch agus folíonraí á gcruthú. Sainaithneofar saineolaithe neamhspleácha agus comhcheanglófar líonra fairsing comhoibrithe agus comhaltaí de chuid UNIDIR le taighde saineolaithe spriocdhírithe (e.g. príomhacadóirí arna sainaithint trí athbhreithniú a dhéanamh ar an taighde is ábhartha agus is déanaí) agus beidh gairm oscailte ann de réir mar is gá agus is iomchuí. Déanfar na folíonraí sin a ghiaráil chun tacú le saincheisteanna sonracha a dtabharfar aghaidh orthu trí thionscadail taighde agus/nó imeachtaí taighde a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta, bunaithe ar mheasúnú ar na riachtanais is ábhartha agus is práinní i ngach fóram dí-armála. Ina theannta sin, úsáidfear saineolaithe atá mar chuid de na folíonraí sin mar athbhreithneoirí dearbhaithe cáilíochta ar thaighde arna dhéanamh ag UNIDIR agus, i gcás inarb ábhartha, féadfar iad a chur ar conradh mar phríomh-imscrúdaitheoir le haghaidh tionscadail shonracha.

Áireofar ar an dara gníomhaíocht faoin sruth oibre seo idirphlé hibrideach il-pháirtithe leasmhara amháin a eagrú in aghaidh na bliana, in aghaidh an réimse dí-armála lena gcomhlánófar na gníomhaíochtaí taighde chun seisiúin tuairimíochta agus aistriú eolais a chothú i measc pobail éagsúla páirtithe leasmhara. De réir mar is iomchuí, d'fhéadfaí an t-idirphlé sin a eagrú mar imeachtaí chun ullmhú do chruinnithe sceidealaithe agus do chomhdhálacha na bpróiseas ábhartha nó chun tacú leo. Déanfar tras-scríbhinní den idirphlé il-pháirtithe leasmhara a chur in eagar agus a chur ar fáil i mBéarla agus in dhá theanga oifigiúla bhreise de chuid na Náisiún Aontaithe ar a laghad.

Díreofar, den chuid is mó, sa tríú gníomhaíocht den sruth oibre seo ar infheictheacht an tionscadail agus scaipeadh a thorthaí a mhéadú. Mar sin, áireofar leis imeacht amháin a eagrú in aghaidh na bliana le linn an Chéad Choiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac chun tacú leis an gcaibidlíocht le linn an phlé théamaigh ábhartha chomh maith le himeacht amháin in aghaidh na bliana sa Bhruiséil do phobal taidhleoireachta agus beartais an Aontais. Dá mbeadh an deis ann, d'fhéadfaí an tsraith imeachtaí bliantúla seo a úsáid chun bailiúchán coimre bliantúla a sheoladh nó chun grinnanailísí a dhéanamh ar théamaí, ar theicneolaíochtaí nó ar réimsí sonracha dí-armála. Ar deireadh, áireofar sa sruth oibre sin rannpháirtíocht in suas le dhá imeacht in aghaidh na bliana faoi stiúir eintiteas nó eagraíochtaí eile a chuirfeadh ardán ábhartha ar fáil chun torthaí na hoibre a scaipeadh agus infheictheacht an tionscadail féin agus an Aontais a mhéadú. D'fhéadfaí na cruinnithe mullaigh de chuid REAIM a bheidh ann amach anseo a úsáid mar ardán chun na nithe sin a bhaint amach.

Rannpháirtíocht leis an Aontas Eorpach

Tá an tionscadal seo ceaptha chun sineirgí féideartha a ghiaráil le tionscnaimh nó tionscadail eile faoi stiúir an Aontais (e.g. EUNPDC, EUISS, nó tionscadail shonracha arna gcistiú ag an Aontas), agus chun deiseanna a chur ar fáil don Aontas a phróifíl phoiblí agus a cheannaireacht sa réimse sin a chomhdhlúthú tuilleadh. Go háirithe, chomh maith le hábhar i scríbhinn a tháirgeadh de réir na dtreoirlínte brandála, le linn an tionscadail tabharfar an deis don Aontas páirt a ghlacadh sna himeachtaí uile a eagrófar. D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh ar shamplaí de rannpháirtíocht: ráitis tosaigh agus/nó deiridh, modhnóireacht, rannchuidiú saineolaithe, agus óstáil. Cé go mbeidh na roghanna sin go léir ar fáil ag gach imeacht, agus go dtuigtear a dheacra atá sé foireann a chur ar fáil do líon na n-imeachtaí atá beartaithe mar chuid den tionscadal seo, molaimid go mbreathnófaí ar an imeacht bliantúil a eagraítear le linn an Chéad Choiste mar dheis 'suaitheanta' chun ról ceannasach an Aontais i réimse na heolaíochta agus na teicneolaíochta a chur chun cinn a mhéid a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta.

Fad an tionscadail

Tá sé beartaithe go mairfidh an tionscadal 3 bliana, agus cuirfear tús lena chur chun feidhme ag tús 2025.

Faireachán agus Meastóireacht

Déanfar an Faireachán agus an Mheastóireacht ar an tionscadal atá beartaithe i gcomhréir le *Policy on Monitoring and Evaluation of UNIDIR's Knowledge Outputs* [Beartas maidir le Faireachán agus Meastóireacht ar Aschuir Eolais UNIDIR] ar leibhéal na hInstitiúide, a d'fhormhuinigh Bord Iontaobhaithe UNIDIR i mí an Mheithimh 2018 ([2]).

([2]) Féadfar an doiciméad a chur ar fáil arna iarraidh sin.